Ráiteas ón mBord - Eanáir, 2016

Bhuail an bord nua le chéile don chéad uair Déardaoin, 7ú Eanáir 2016

Tuairisc an Phríomhoide
Tugadh achoimire don bhord ar na himeachtaí go léir atá ar bun sa scoil. Tá an-éirí croí á chruthú ag an gclár teilifíse *Cleas Act*, a thabharfaidh léargas ar shaol agus ar ghaiscí na scoile.

Maraon le bunscoileanna uile na tíre, beidh curaclam teanga nua á thabhairt isteach ag an scoil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i mí Mheán Fómhair 2016. Beidh an-chuid ullmhúcháin agus traenála ag teastáil ón bhfoireann chuige seo. Tá sé dlite ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfreastalóidís ar dhá leathlá traenála mar chuid den ullmhúchán seo. Chun é seo a chur i gcrích, beidh dhá leathlá scoile ann idir seo agus deireadh na scoilbhliana. Ar an ***Luan, 25ú Eanáir 2016*** a bheidh an chéad cheann den dá leathlá. Críochnóidh na ranganna ag ***12.00*** ar an lá sin. Ní bheidh ranganna iarscoile ar siúl an tráthnóna sin.

Clárúchán
Chinn an bord go nglacfaí le huasmhéid de 30 dalta i rang na Naonán Shóisearacha don scoilbhliain 2016-2017. Beidh an oíche chlárúcháin ar siúl ag 7.30i.n. Dé Máirt, 19ú Eanáir 2016.

Tá súil againn go leathdháilfear múinteoir breise ar an scoil, bunaithe ar líon iomlán na ndaltaí a bheidh cláraithe, tar éis an tsamhraidh.

The new board met for the first time on Thursday, 7th January 2016.

Principal's Report
The board was given an outline of the many activities taking place in the school. The television programme *Cleas Act*, which will give an insight into the life and achievements of the school, is creating great excitement.

Along with all the other primary schools in the country, our school will be introducing a new language curriculum in Irish and English in September 2016. A lot of preparation and training will be required for staff in advance of this. The Department of Education and Skills has directed that they attend two half days of training as part of this preparation. To accomplish this, there will be two half schooldays between now and the end of the school year. The first of these two half days will take place on ***Monday, 25th January 2016***. Classes will finish at ***12.00*** that day. There will be no after-school classes held that afternoon.

Enrolment
The board decided to admit a maximum number of 30 pupils to the 2016-2017 Junior Infants class. The enrolment night will take place at 7.30pm on Tuesday, 19th January 2016.

We hope that the school will be allocated an extra teacher, based on the total number of students who will be enrolled, after the summer.

P.T.O.

Polasaithe

Tá polasaí nua frithbhulaíochta á chur i bhfeidhm sa scoil ar bhonn píolótach go ceann bliana. Tá an córas bunaithe ar an bhfeachtas frithbhulaíochta a mholann an t-oidachasóir Seán Fallon. Cuireann an clár béim ar fheasacht maidir le bulaíocht, maraon le treorlínte i dtaobh conas déileáil le heachraí bulaíochta. Is féidir teacht ar eolas faoin gcur chuige seo ar www.antibullyingcampaign.ie. Beidh Seán é féin anseo ar an 12ú Bealtaine (i rith Seachtain Frithbhulaíochta na scoile) chun chun oíche eolais do thuismitheoirí a chur i láthair.

Rinneadh athbhreithniú ar Pholasaí Idirchreidmheach na scoile. Is féidir é seo a rochtain ar shuíomh idirlín na scoile.

Beartaíodh boscaí *Trócaire* agus boscaí *Christian Aid* a a dháileadh amach chuig teaghlaigh na scoile ar bhonn sealaíochta bliantúil.

Cúrsaí Cóiríochta

Tá áthas ar an mbord leis an seomra ranga agus leis an seomra foirne nuathógtha, go mórmhór toisc go gciallaíonn a gcríochnú go mbeifear in ann spás a sholáthar do phobal uile na scoile sa scoilbhliain nua.

Cúrsaí Airgid

D'fhéach an bord ar chuntais na scoile, agus tá siad sásta go bhfuil gach rud faoi smacht. Tá ag éirí go han-mhaith leis an gcóras íocaíochta ar-líne *EPP*. Míle buíochas leo siúd a d'íoc táillí, agus leo siúd a d'úsáid an córas *EPP*.

Buailfidh an Bord le chéile dá gcéad chruinniú eile ar an Máirt, 9ú Feabhra 2016.

Policies

The school is implementing a new anti-bullying policy on a pilot basis for the coming year. The new system is based on the anti-bullying campaign advocated by the educationalist Seán Fallon. The programme focuses on heightening awareness regarding bullying, as well as guidelines about how to deal with incidents of bullying. Information about this approach can be found on www.antibullyingcampaign.ie. Seán himself will be here on 12th May, (during our anti-bullying week) to present an information night for parents and to answer any questions.

The school's Interdenominational Policy was reviewed. This can be accessed on the school website.

It was decided to distribute *Trócaire* boxes and *Christian Aid* boxes to the school's households alternating on a yearly basis.

Accommodation

The board is delighted with the newly-built classroom and staffroom, especially as their completion ensures that the full school community can be accommodated in the new school year.

Financial Matters

The board looked at the school accounts, and is satisfied that everything is under control. *EPP*, the new online payments

system, is working very well. Many thanks to those who have paid fees, and to those who have used the *EPP* system.

The Board will meet again on Tuesday, 9th February, 2016.